AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2025
COM(2025) 286 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn maidir le hAcmhainneacht i dtaca le hAcmhainneachtaí Freagartha an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta

{SWD(2025) 146 final}

Clár

1. Achoimre Feidhmiúcháin 2

An liosta acrainmneacha 4

2. Réamhrá 5

3. Moltaí maidir le hacmhainneachtaí freagartha SACS 5

a. Moltaí don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta (DECS) 6

i. Bearnaí acmhainneachta a dhúnadh 6

ii. Comhordú idir na Ballstáit/SRanna a neartú chun spriocanna acmhainneachta a shaothrú go gníomhach 6

iii. Deontais oiriúnúcháin a threisiú 8

iv. Tairiscintí agus imscaradh DECS a dhreasú 8

b. Moltaí le haghaidh rescEU 9

i. Acmhainneachtaí ilchuspóireacha agus ilúsáide agus tacaíocht speisialaithe 9

ii. Atreisiú réamhghníomhach 10

iii. Athshlánú tar éis imscaradh 11

iv. Réamhshuíomh sealadach le haghaidh imscaradh éifeachtach 12

v. Éifeachtacht imscaradh rescEU a mhéadú 12

vi. Simpliú na rátaí cómhaoiniúcháin le haghaidh rescEU 13

vii. An soláthar a shimpliú 14

c. Breithnithe níos leithne maidir le forbairt acmhainneachta freagartha 14

i. Cur chuige feidhmíochtbhunaithe maidir le forbairt acmhainneachta 15

ii. Acmhainneachtaí SACS chun acmhainneachtaí náisiúnta a chomhlánú ar fud na hEorpa 15

iii. Grúpaí leochaileacha 15

iv. Feasacht staide trasearnála LCPF 16

v. Cásanna coinbhleachta/cogaidh a bhreithniú 16

vi. Comhpháirtíochtaí san earnáil phríobháideach 17

vii. Moil tabhartais 18

viii. Stoc-charnadh 19

4. Conclúid 19

1. Achoimre Feidhmiúcháin

Is éard atá sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn maidir le hacmhainneacht an chuid réamhbhreathnaitheach d'oibleagáid tuairiscithe Airteagal 34.2 maidir le hacmhainneachtaí freagartha an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS) arna bhunú le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE. Leagtar amach ann sraith moltaí chun éifeachtacht acmhainneachtaí freagartha SACS a mhéadú a thuilleadh. Tá na moltaí bunaithe ar an anailís ar staid reatha acmhainneachtaí freagartha SACS mar a leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre comhfhreagrach 'Fothú acmhainneachta an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus forbhreathnú ar bhearnaí'.

Le Straitéis um Aontas na hUllmhachta, tá an Eoraip ag dul i dtreo ullmhacht uile-Aontais ar fud na n-earnálacha agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile. Mar chuid den fhreagairt ar athruithe sa timpeallacht riosca agus ghuaise, is féidir le hacmhainneachtaí freagartha SACS rannchuidiú nithiúil oibríochtúil a sholáthar le cur chuige Eorpach maidir le bainistiú géarchéime a bheidh níos réamhghníomhaí, níos comhordaithe agus níos uas-scálaithe.

Ní hamháin go bhfuil iarrataí ar chúnamh á seoladh chuig SACS le haghaidh gnáthéigeandálaí cosanta sibhialta amhail falscaithe, creathanna talún agus tuilte, ach tá siad á ndíriú chuige níos mó chun cabhrú le héigeandálaí níos casta ina mbíonn an iliomad guaiseacha agus leochaileachtaí ag idirghníomhú go minic chun géarchéimeanna fada a chruthú. Chun leanúint dá chumas tacú leis na Ballstáit agus leis na Stáit rannpháirteacha in am an ghátair, ní mór do SACS leanúint dá struchtúir agus dá phróisis inmheánacha a fhorbairt, chomh maith lena chomhar le comhpháirtithe seachtracha. Is é is aidhm do na 15 phríomh-mholadh a leagtar amach sa tuarascáil seo forbairt acmhainneachtaí freagartha SACS a threorú, ag díriú ar a chumais a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn agus ar a iarrachtaí ullmhachta a chur chun cinn.

Moltaí don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta (DECS):

i. Oibriú chun bearnaí acmhainneachta DECS a sainaithníodh sa tuarascáil seo a dhúnadh (e.g. i réimsí a bhaineann le múchadh falscaithe, acmhainneacht leighis éigeandála, teagmhais truaillithe mhuirí, chósta agus uisce intíre, droichid, giniúint leictreachais, agus iompar agus lóistíocht).
ii. Comhordú leis na Ballstáit/SRanna agus comhordú eatarthu a neartú chun spriocanna acmhainneachta a shaothrú.
iii. Maoiniú le haghaidh deontais oiriúnúcháin a threisiú.
iv. Dreasachtaí le haghaidh chlárúcháin DECS trí mhaoiniú a mhéadú le linn imscaradh.

Moltaí le haghaidh rescEU:

i. Forbairt acmhainne amach anseo a dhíriú go príomha ar acmhainneachtaí ilchuspóireacha agus ilúsáide (e.g. maidir le dídean, leictreachas, teileachumarsáid, cúram leighis, agus iompar agus lóistíocht) agus, i gcás inar gá, acmhainneachtaí tacaíochta speisialaithe comhlántacha (e.g. i réimsí a bhaineann le CBRN nó saineolas speisialaithe leighis le haghaidh guaiseacha sonracha).
ii. Treisiú buiséid intuartha a chumasú le haghaidh athshlánú iar-imscartha, agus cur chuige níos réamhghníomhaí á shaothrú maidir le forbairt acmhainneachta.

iii. Éifeachtacht imscaradh rescEU a mhéadú trí chinntí níos tapúla maidir le himscaradh agus trí roghanna réamhshuite.
iv. Rátaí cómhaoiniúcháin le haghaidh imscaradh acmhainneachtaí rescEU a shimpliú agus an próiseas soláthair a chuíchóiriú.

Breithnithe níos leithne maidir le fothú acmhainneachta freagartha:

i. Úsáid spriocanna feidhmíochtbhunaithe a shaothrú chun acmhainneacht SACS a fhothú amach anseo.
ii. Machnamh a dhéanamh ar mhalartú faisnéise níos fearr maidir le hacmhainneachtaí náisiúnta sonracha a bheith ar fáil chun éifeachtúlacht fhoriomlán SACS a mhéadú.
iii. Feabhas a chur ar an tuiscint ar riachtanais grúpaí leochaileacha le linn oibríochtaí éigeandála.
iv. Feasacht staide trasearnála ar LCPF a fheabhsú a thuilleadh.
v. Cásanna coinbhleachta/cogaidh a mheas i bhfothú breise acmhainneachta.
vi. Comhpháirtíochtaí san earnáil phríobháideach a leathnú i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear moil deonaithe a fhorbairt chun cumas SACS níos leithne a dhéanamh díobh.
vii. Machnamh a dhéanamh ar raon níos leithne míreanna práinnfhreagartha a stoc-charnadh.

Ar an iomlán, beidh ar fhreagairt SACS dul níos faide ná acmhainneachtaí práinnfhreagartha traidisiúnta, rud a thacóidh le páirtithe leasmhara earnála a saineolas sonrach a chur le hullmhacht, i gcomhréir le Straitéis um Aontas na hUllmhachta.

An liosta acrainmneacha

CBRN — Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach

CEMS — Seirbhís Bainistithe Práinne Copernicus

COVID-19 — Galar Choróinvíreas 2019

Sprioc an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí

DECS — An Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta

LCPF — Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha

AE — an tAontas Eorpach

Córas staide domhanda

MEDEVAC — aslonnú leighis

CAI — creat airgeadais ilbhliantúil

Ballstát den Aontas Eorpach

TCP — trealamh cosanta pearsanta

SR — stáit rannpháirteacha

IaC — iarraidh ar chúnamh

SWD — doiciméad inmheánach oibre

SACS — Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta

2. Réamhrá

Faoi Airteagal 34(2) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí, spriocanna acmhainneachta agus bearnaí atá fós sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta (DECS, 'an Díorma') agus bunú acmhainneachtaí rescEU á chur san áireamh. Ba cheart a áireamh leis sin freisin forbhreathnú ar na forbairtí buiséadacha agus costais a bhaineann le hacmhainneachtaí freagartha, agus measúnú ar an ngá atá le tuilleadh forbairtí acmhainneachta ar leibhéal an Aontais.

Trí bhíthin na tuarascála seo agus an doiciméid inmheánaigh oibre a ghabhann léi dar teideal 'Forléargas ar acmhainneacht agus ar bhearnaí an tSásra um Chosaint Shibhialta de chuid an Aontais', cuireann an Coimisiún anailís ar fáil ar na forbairtí acmhainneachta freagartha móra faoi SACS ó 2017 go 2024, chomh maith le moltaí réamhbhreathnaitheacha maidir le riachtanais bhreise acmhainneachta agus cumais. Is é an cuspóir atá ann a áirithiú go leanfaidh SACS de bheith ag forbairt agus go leanfaidh sé de bheith ina acmhainn éifeachtúil ar féidir leis na húdaráis náisiúnta brath uirthi i gcásanna éigeandála, agus, i gcomhthéacs níos leithne, rannchuidiú le cur chun feidhme Straitéis an Aontais maidir leis an Ullmhacht.

Tá an timpeallacht dhinimiciúil riosca agus bagartha a bhfuil an Eoraip neamhchosanta air ag cur iallach cheana féin ar SACS na huirlisí atá ar fáil dó a oiriúnú d'imthosca gan choinne, ag cabhrú leis na Ballstáit agus le Stáit rannpháirteacha SACS (BS/SR) ar bhealaí a measadh a bheith doshamhlaithe díreach deich mbliana ó shin. Laistigh den chreat straitéiseach níos leithne d'Aontas Ullmhachta, is féidir le SACS agus, chun críoch sonrach na tuarascála seo, leis na hacmhainneachtaí freagartha atá ar fáil dó, rannchuidiú nithiúil oibríochtúil a dhéanamh le cur chuige Eorpach maidir le bainistiú géarchéime atá níos réamhghníomhaí, níos comhordaithe agus níos uas-scálaithe.

Chuige sin, leagtar amach sa tuarascáil seo sraith moltaí maidir le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar acmhainneachtaí freagartha SACS. Tá na moltaí bunaithe ar an doiciméad inmheánach oibre atá i gceangal leis seo agus ar a anailís ar thimpeallacht an riosca agus na bagartha atá ann faoi láthair; toimhdí pleanála comhaontaithe faoi na cásanna tubaiste uile-Aontais arna bhforbairt; ceachtanna a foghlaimíodh ó imscaradh SACS le déanaí; agus forbairtí maidir le hacmhainneacht freagartha oibríochtúil le blianta beaga anuas.

3. Moltaí maidir le hacmhainneachtaí freagartha SACS

Leis an gcéad sraith moltaí sa tuarascáil seo cumhdaítear DECS, leis an dara sraith tugtar aghaidh ar acmhainneachtaí freagartha faoi rescEU, agus leis an tríú sraith féachtar ar mholtaí níos leithne a chuidíonn le hacmhainneacht SACS a mhéadú maidir le freagairt do thubaistí. I dteannta a chéile, is é is aidhm do na moltaí sin acmhainneachtaí freagartha SACS a fhorbairt a thuilleadh, rud a chuirfidh le feabhas a chur ar chumas freagartha an Aontais ar ghéarchéimeanna. Tá achoimre ar a moltaí i gconclúidí na tuarascála.

a. Moltaí don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta (DECS)

i. Bearnaí acmhainneachta a dhúnadh

Tá DECS bunaithe ar dhá cholún: i) dearbhú cáilíochta, trí scéim deimhniúcháin, chun comhlíonadh chaighdeáin SACS a áirithiú in oibríochtaí freagartha; ii) níos mó intuarthachta a mhéid a bhaineann le hacmhainneachtaí freagartha a bheith ar fáil nuair a ghníomhachtaítear SACS. Is éard atá in DECS modúil, acmhainneachtaí freagartha eile (lena n-áirítear míreanna faoisimh) agus catagóirí saineolaithe. Is acmhainneachtaí náisiúnta iad uile atá tiomnaithe ar feadh bliain amháin nó níos mó agus ar bhonn deonach ag na Ballstáit agus ag Stáit rannpháirteacha SACS lena n-imscaradh i gcás ghníomhachtú SACS. Mar cheann de cholúin lárnacha acmhainneacht freagartha SACS, is ionann an Linn agus tiomantas na mBallstát don dlúthpháirtíocht i gcás tubaistí. Ar an meán, **is ionann imscaradh DECS agus thart ar 1/4 de na hacmhainneachtaí a imscartar le linn ghníomhachtú SACS** (féach Fíor 10 sa doiciméad inmheánach oibre, leathanach 32). D'áiritheofaí le DECS níos láidre go mbeadh an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit/SRanna ina foinse láidreachta don Aontas le linn géarchéime. Tá sé beartaithe leis na moltaí thíos cur chuige comhordaithe a chothú chun spriocanna acmhainneachta DECS nua-athbhreithnithe a shaothrú, trí gealladh acmhainneachtaí na mBallstát do DECS a dhreasú a thuilleadh.

Léirítear roinnt bearnaí i gcomparáid leis na hacmhainneachtaí atá cláraithe in DECS leis na spriocanna acmhainneachta nua-athbhreithnithe a chuirtear i láthair sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo (féach Iarscríbhinn 1 sa doiciméad inmheánach oibre, leathanach 45). **Tá acmhainneachtaí aerchomhraic dóiteáin foraoise** fós faoi ghannionadaíocht i dtéarmaí acmhainneachtaí cláraithe DECS, agus tá modúil atá bunaithe ar héileacaptair in easnamh go hiomlán. Is dúshlán don Linn freisin iad cineálacha áirithe **acmhainneachtaí leighis**. Tá gá ar leith le saotharlanna soghluaiste bithsháibháilteachta, mar aon le foirne cúraim speisialaithe, agus níl ach acmhainneacht amháin á deimhniú i gcomparáid leis na hocht n-acmhainneacht a shonraítear sa sprioc. Cé go bhfuil deimhniú á dhéanamh ar dhá acmhainneacht aslonnaithe leighis (MEDEVAC) chun sprioc acmhainneachta DECS a bhaint amach, tá MEDEVAC agus MEDEVAC na n-othar an-tógálach fós ina mbearna sheasmhach do SACS, ós rud é nach bhfuil meascán de rescEU atá ann cheana agus d'acmhainneachtaí DECS atá beartaithe fós faoi bhun acmhainneacht MEDEVAC a leagtar amach i sprioc níos leithne Uimh. 4 an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí 'Freagairt – Cumas freagartha an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta a fheabhsú', ar sprioc í lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta le haghaidh chumais freagartha SACS (doiciméad inmheánach oibre, leathanaigh 26-28).

Leis na spriocanna acmhainneachta DECS is déanaí, cuireadh sraith acmhainneachtaí nach bhfuil ionadaíocht acu le DECS freisin. Ba cheart níos mó acmhainneachtaí freagartha a bheith tiomnaithe do DECS chun freagairt do theagmhais truaillithe **mhuirí, chósta agus uiscí intíre**. Tá na bearnaí nua sin i gcomhréir leis na tubaistí níos casta a bhfuil coinne leis go bhfreagróidh SACS dóibh. Áirítear orthu sin acmhainneachtaí freagartha amhail **droichid agus giniúint leictreachais, agus is léir go bhfuil gá le hacmhainneachtaí lóistíochta agus iompair.** Le gealltanais dheonacha bhreise ó na Ballstáit/SRanna, ba cheart tosaíocht a thabhairt do na bearnaí sainaitheanta sin.

ii. Comhordú idir na Ballstáit/SRanna a neartú chun spriocanna acmhainneachta a shaothrú go gníomhach

Maidir leis an gcinneadh acmhainneachtaí a thairiscint agus a chlárú in DECS, fágtar go hiomlán faoi na Ballstáit/SRanna fós an cinneadh sin a dhéanamh go hinmheánach. Is cuid dhílis de DECS é an próiseas deonach sin agus ba cheart é a choinneáil ar bun. Mar sin féin, **le hiarrachtaí comhordaithe chun**

cumhdach spriocanna acmhainneachta a mhéadú trí acmhainní DECS, neartófaí acmhainneacht freagartha SACS, agus an úsáid is éifeachtúla á baint as acmhainní na mBallstát/SRanna agus an Choimisiúin a bhfuil gá leo chun acmhainneacht a thairiscint, a dheimhniú agus a chlárú in DECS.

Mar thoradh ar na spriocanna acmhainneachta nua uaillmhianacha do DECS a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/704 ón gCoimisiún, thit an leibhéal atá bainte amach faoi láthair le haghaidh na spriocanna acmhainneachta go ~15 % ó ~31 % de na spriocanna acmhainneachta luaite. Is é is cúis leis sin den chuid is mó méadú cainníochtúil foriomlán ar chumraíocht DECS mar a leagtar amach sna spriocanna nua. Tá méadú 160 % ar an meán tagtha ar an sprioc acmhainneachta inmhianaithe in aghaidh na catagóire acmhainneachta atá ann cheana. Tá méadú mór tagtha freisin ar líon na gcineálacha éagsúla acmhainneachta a liostaítear sna spriocanna, ó 37 go 50 cineál acmhainneachta éagsúla. Ba cheart breathnú ar an mbearna sin mar bhearna shealadach agus na Ballstáit/SRanna ag ailíniú a dtairiscintí le spriocanna DECS, agus na hacmhainneachtaí a thairgtear á gcur faoin bpróiseas deimhniúcháin.

D'fhéadfadh tairbhí móra a bheith ag baint le comhordú idir na Ballstáit/SRanna agus leis na Ballstáit/SRanna chun na spriocanna sin a bhaint amach, trína chur ar a gcumas do na Ballstáit/SRanna cinntí níos eolasaí a dhéanamh maidir leis na hacmhainneachtaí ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh ina dtairiscintí don Linn. D'fhéadfadh plé réigiúnach faoi thairiscintí DECS atá beartaithe deiseanna a chur ar fáil chun costais a chomhroinnt trí **mhodúil ilnáisiúnta a fhorbairt agus dáileadh geografach níos cothroime a chur chun cinn ar fud limistéar SACS** de chineálacha ábhartha acmhainneachta, ag brath ar an bpróifíl riosca áitiúil/réigiúnach.

Is féidir leis an gCoimisiún tacú go gníomhach freisin le spriocanna acmhainneachta SACS a shaothrú ar bhealach níos comhordaithe trí bhearta éagsúla, amhail clárú na gcineálacha acmhainneachta is gá a dhreasú agus fóraim atá ann cheana a úsáid chun comhordú a chothú i measc na mBallstát/SR. D'fhéadfadh an Coimisiún plé a eagrú i bhfóraim atá ann cheana amhail Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le hAcmhainneachtaí agus láithreáin theicniúla eile, chomh maith leis an gCoiste um Chosaint Shibhialta, chun **malartuithe a chothú maidir le tairiscintí DECS atá beartaithe**. D'fhéadfaí an plé sin a struchtúrú de réir catagóir acmhainne nó de réir guaise. D'fhéadfaí iad a bhunú ar chuspóirí beartais atá ann cheana amhail Sprioc an Aontais maidir le hAthléimneacht ó Thubaistí Uimh. 4, 'Freagairt – acmhainneacht freagartha an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta a fheabhsú', lena sainítear catagóirí acmhainneachta criticiúla, agus na cásanna tubaiste a forbraíodh, lena soláthraítear léargais luachmhara a bhaineann le hacmhainneacht (tá forbhreathnú ar chumhdach reatha sprioc Uimh. 4 an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí ar fáil sa doiciméad inmheánach oibre, Roinn 3.b, leathanach 23).

Leis an bplé ar an leibhéal réigiúnach maidir le clárúcháin DECS a d'fhéadfadh a bheith ann, chuirfí ar chumas na n-údarás náisiúnta dáileadh geografach ciallmhar acmhainneachtaí na Linne a shaothrú, agus deiseanna á sainaithint ag an am céanna chun modúil ilnáisiúnta a bhunú a roinneann an t-ualach a bhaineann leis an acmhainneacht a choinneáil ar bun i measc níos mó páirtithe leasmhara. Ba bhealach ísealchostais don Choimisiún é tús a chur leis an bplé agus é a chur chun cinn chun tacú le cur chuige

níos comhordaithe chun na spriocanna acmhainneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/704 ón gCoimisiún a bhaint amach[1].

Chuideodh comhordú maidir le clárúcháin DECS freisin le teorainneacha chur chuige DECS a shainaithint. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt go díreach ar spriocanna nach féidir a chumhdach trí DECS in ainneoin chomhordú na mBallstát/SR trí úsáid a bhaint as rescEU nó as ionstraimí eile, amhail comhar leis an earnáil phríobháideach nó le tríú tíortha.

iii. Deontais oiriúnúcháin a threisiú

D'fhéadfadh **scéim deontais oiriúnaithe threisithe do DECS** cuidiú le spriocanna acmhainneachta nach bhfuil comhlíonta a bhaint amach.

Na Ballstáit/SRanna a thairgeann acmhainneachtaí náisiúnta do DECS, tá siad incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontais oiriúnúcháin DECS lena gcuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil le haghaidh deisiúchán agus uasghráduithe, rud a chuireann feabhas ar ullmhacht agus feidhmíocht na hacmhainneachta a chuirtear ar fáil le linn imscaradh SACS. Ó tugadh isteach iad, dámhadh EUR 4-5 mhilliún ar an meán i ndeontais oiriúnúcháin in aghaidh na bliana. Cé go leanann na húdaráis náisiúnta de bheith freagrach as an gcostas a bhaineann leis an acmhainneacht náisiúnta a chláraíonn siad sa Díorma a bhunú agus a chothabháil, áirithíonn an tAontas gur féidir acmhainneachtaí cláraithe a imscaradh go héifeachtach agus oibriú i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta.

Cuirtear san áireamh sna critéir mheastóireachta atá ann faoi láthair maidir le deontais oiriúnaithe DECS a dhámhachtain cé acu a oibríonn nó nach n-oibríonn togra le haghaidh **deontas oiriúnaithe chun sprioc acmhainneachta de chuid SACS nach bhfuil comhlíonta a bhaint amach**. Dá méadófaí an bhéim ar an gcritéar sin le linn an phróisis meastóireachta, sholáthrófaí dreasacht do na Ballstáit atá ag lorg deontais oiriúnaithe tosaíocht a thabhairt do spriocanna acmhainneachta nach bhfuil comhlíonta ina dtairiscintí do DECS.

Chuirfeadh **atreisiú buiséadach an chláir deontais oiriúnaithe** ar a chumas don Choimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit/SRanna atá ag cur acmhainneachtaí náisiúnta ar fáil le haghaidh imscaradh SACS.

iv. Tairiscintí agus imscaradh DECS a dhreasú

I gcás gníomhachtú SACS, tá acmhainneachtaí imscartha DECS incháilithe do ráta cómhaoinithe 75 % le haghaidh costais incháilithe a bhaineann le hiompar agus oibriú na hacmhainneachta. Cé go bhfuil buntáiste ag baint leis an ráta cómhaoinithe sin i gcomparáid le hacmhainneachtaí neamhchláraithe, nach dtairbhíonn ach de ráta cómhaoinithe 75 % chun an acmhainneacht a iompar (agus ní na costais oibríochtúla) le linn imscaradh SACS, d'fhéadfaí rátaí cómhaoinithe DECS a oiriúnú chun dreasú clárú acmhainneachtaí tuilleadh. **Dá méadófaí an cistiú le haghaidh iompar agus oibriú acmhainneachtaí DECS go dtí suas le 100 %**, neartófaí muinín na mBallstát/SR chun acmhainneachtaí breise a thairiscint do DECS trí dheireadh a chur le héiginnteachtaí a bhaineann le costais na n-acmhainneachtaí geallta a imscarfar amach anseo trí SACS. Leis an oiriúnú sin ar na coinníollacha cómhaoinithe, dhreasófaí

[1] **Moladh ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 maidir le spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí 2023/C 56/01**
C/2023/400

tairiscintí agus imscaradh Linne amach anseo, agus spreagfaí na Ballstáit chun níos mó dá n-acmhainneachtaí náisiúnta a chur ar fáil don Linn agus iad a imscaradh.

b. Moltaí le haghaidh rescEU

is é rescEU an colún eile d'acmhainneacht freagartha SACS. Tá sé suite go tapa mar shócmhainn oibríochtúil, le cur in úsáid 231 idir 2019 agus 2024 (féach Fíor 18 sa doiciméad inmheánach oibre, leathanach 40). Chuir sé tacaíocht tarrthála ar fáil i raon leathan cásanna tubaiste, ó scaoileadh stoc-charn a bhain le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go crith talún 2023 sa Tuirc agus sa tSiria agus COVID-19, chomh maith le himscaradh rialta acmhainneachtaí aerdhóiteáin foraoise le linn séasúir falscaithe na hEorpa.

i. Acmhainneachtaí ilchuspóireacha agus ilúsáide agus tacaíocht speisialaithe

Mar a anailísíodh sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo (leathanaigh 8-15), is féidir a bheith ag súil leis go n-iarrfar ar rescEU i gcás cineálacha agus líon méadaitheach éigeandálaí amach anseo a mhéadú. Cé go bhféadfadh sé nach mbeadh sé réalaíoch bunú acmhainneachtaí rescEU a shaothrú le haghaidh na gcainníochtaí a shonraítear sna cásanna tubaiste a forbraíodh faoi SACS, is féidir leis an anailís sin ar chásanna, in éineacht le taithí oibríochtúil ar ghníomhachtuithe SACS a rinneadh le déanaí, a bheith ina dtreoir **do straitéis dhá ghné d'fhorbairt rescEU amach anseo** a bheidh dírithe go sonrach ar acmhainneachtaí cláraithe DECS a chomhlánú.

Ar an gcéad dul síos, agus aird á tabhairt ar thábhacht straitéiseach na n-acmhainneachtaí atá saincheaptha d'éigeandálaí sonracha, **ba cheart aird a thabhairt ar acmhainneachtaí ilchuspóireacha agus ilúsáide** ar féidir leo tacaíocht a sholáthar i raon leathan cásanna. Na hacmhainneachtaí a chuireann seirbhísí fíor-riachtanacha ar fáil do phobail dá ndéantar difear, ar seirbhísí iad a gcuirtear isteach orthu mar gheall ar éigeandáil, cuireann siad leibhéal níos airde solúbthachta oibríochtúla ar fáil go comhsheasmhach, toisc go ndíríonn siad ar thacar riachtanas réasúnta seasta a sholáthar don phobal dá ndéantar difear, seachas acmhainneachtaí a dhíríonn ar ghuais ar leith. Mar thoradh ar thuilte, cásanna coinbhleachta, dóiteáin foraoise, creathanna talún, easáitiú daonra ar mhórscála agus éigeandálaí eile, bíonn **dídean, fuinneamh, teileachumarsáid agus cúram leighis leordhóthanach** de dhíth ar líon mór daoine, **chomh maith le hacmhainneachtaí iompair** le haghaidh ghluaiseacht na n-earraí sin nó na ndaoine buailte iad féin. Tá luach cinnte ag baint le hinfheistíocht mhór a dhéanamh in acmhainneachtaí freagartha ar leibhéal an Aontais a chomhlíonann na riachtanais sin.

Is féidir le héigeandálaí mórscála, amhail mórchrith talún, acmhainneachtaí náisiúnta a ídiú go tapa agus na stoc-chairn ábhartha a ídiú. Léiríonn taithí ar éigeandálaí ar scála níos lú amhail tuilte gur féidir le margaí i gceantair máguaird a bheith ídithe go tapa, rud a fhágann go mbíonn soláthar na nithe is gá don phobal buailte níos casta. Cúltaca straitéiseach leormhaith d'acmhainneachtaí a bhfuil géarghá forleathan leo ar leibhéal na mór-roinne, is rud é sin ar féidir leis cuidiú le méid na hEorpa a ghiaráil in aghaidh tubaistí ar an leibhéal náisiúnta, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát/SRanna níos mó dá n-acmhainní a dhíriú ar acmhainneachtaí a fhorbairt a bhaineann go sonrach lena bpróifíl riosca ar leith.

Áirithítear leis na bearta sin go bhfaighidh sciar níos mó den daonra atá buailte cúnamh go tapa, agus go gcuirfear acmhainneacht chomhordaithe ar fáil le linn éigeandála. D'fhéadfaí acmhainneacht chomhordaithe shaortha ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a dhíriú níos fearr ar

acmhainní speisialaithe a imscaradh a bhaineann go sonrach leis an gcineál éigeandála, rud a d'fhéadfadh a bheith níos deacra a shainaithint agus a chur in úsáid ó laistigh de na córais náisiúnta.

Ar an dara dul síos, léirítear sna cásanna a forbraíodh faoi SACS freisin gur gá **sainaithint agus forbairt príomhacmhainneachtaí speisialaithe** nach bhfuil costéifeachtach chun na cainníochtaí is gá a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta a shaothrú go comhuaineach. Is iad na hacmhainneachtaí aerchomhraic dóiteáin foraoise agus na fothuithe acmhainneachta a bhaineann le CBRN na samplaí is suntasaí a saothraíodh go rathúil de réir an chur chuige sin le blianta beaga anuas, i ndlúthchomhar idir na Ballstáit/SRanna agus an Coimisiún. Leis an bhforbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na hacmhainneachtaí sin amach anseo, leanfar d'úsáid a bhaint as an dlúthchomhar sin. Le tionscnamh forbartha creatlaí cáis SACS soláthraítear tásca éagsúla ar riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo i **réimsí eile a bhaineann le CBRN** nó i **saineolas speisialaithe leighis** le haghaidh guaiseacha sonracha, lena n-áirítear cóireáil a chur ar chréachtaí cogaidh agus/nó ar ollteagmhais taismeacha.

ii. Atreisiú réamhghníomhach

Tá sciar nach beag dá bhuiséad (EUR 3,2 billiún in 2019-2024) infheistithe ag SACS chun acmhainneachtaí a fhorbairt a mheas na Ballstáit/SRanna agus an Coimisiún a bheith criticiúil a ndóthain chun gá a bheith leis an atreisiú ar leibhéal an Aontais thar ullmhacht na mBallstát aonair. I bhfianaise na timpeallachta riosca agus guaise atá ag athrú, ba cheart leanúint de **na hinfheistíochtaí sin in rescEU agus iad a threisiú** i gcás inar féidir chun go mbeidh SACS in ann tacú leis na Ballstáit/SRanna le linn éigeandálaí mórscála a bheidh rómhór ag acmhainneachtaí náisiúnta amach anseo.

Rachaidh na deontais atá ann faoi láthair chun acmhainneachtaí rescEU a bhunú agus a chothabháil in éag faoi 2027, nuair a thiocfaidh deireadh le tréimhse reatha Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027. Mura gcuirfí cistiú ar fáil chun acmhainneachtaí rescEU atá ann cheana a chothú, rachadh na hacmhainneachtaí bunaithe in éag nó scoirfí díobh, agus chaillfí na hinfheistíochtaí móra a rinneadh le linn a bhforbartha. Áirítear leis sin stoc-chairn straitéiseacha le haghaidh dídine, giniúint cumhachta éigeandála agus CBRN agus earraí leighis, chomh maith leis na hacmhainneachtaí aerchomhraic dóiteáin a chuirtear ar fáil gach bliain ó 2019 i leith.

Tá aerárthaí comhraic dóiteáin foraoise a chuirtear ar fáil faoi acmhainneacht idirlinne rescEU ag brath go háirithe ar chistiú intuartha ós rud é go gcuirtear na haerárthaí sin ar fáil go bliantúil don séasúr falscaithe go dtí go mbeidh flít buan aerárthaí comhraic dóiteáin rescEU ar fáil.

Bunaíodh na hacmhainneachtaí sa staid reatha ar bhealach frithghníomhach den chuid is mó, chun déileáil le héigeandálaí leanúnacha nó éigeandálaí atá ar tí tarlú i mBallstát/SR amháin nó i roinnt Ballstát/SRanna. Dá bhrí sin, tarraingíodh orthu den chuid is mó díreach, tráth a mbunaithe, nó laistigh de thréimhse bliana ina dhiaidh sin. Léiríonn acmhainneacht SACS gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh go tapa, deontais a dhámhachtain, agus ansin ábhar agus trealamh a sholáthar do na Ballstáit chun acmhainneachtaí rescEU a bhunú, inoiriúnaitheacht an chórais. Cé go bhfuil an inoiriúnaitheacht ríthábhachtach do chóras feidhmiúil bainistithe tubaistí, ní mór cur chuige frithghníomhach a chomhlánú trí mhachnamh níos fearr a dhéanamh ar an todhchaí agus trí chultúr ullmhachta réamhghníomhaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le timpeallacht nua riosca agus bagartha na hEorpa.

Cé gur thuig SACS agus a pháirtithe leasmhara an gá atá le hacmhainneachtaí freagartha ar leibhéal an Aontais thar na hacmhainneachtaí a sholáthraítear le córais náisiúnta, níor thángthas ar chomhdhearcadh maidir le coincheap na n-acmhainneachtaí freagartha straitéiseacha ar leibhéal an

Aontais ach amháin tar éis na ndóiteán tragóideach foraoise sa Phortaingéil in 2017 agus i séasúr dóiteáin foraoise 2018 a bhuail tuaisceart na hEorpa. I gcás acmhainneachtaí breise amhail stoc-chairn leighis/CBRN agus stoc-chairn dídine, tharla an patrún sin faoi dhó, agus cuireadh cistiú breise ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ar fáil le linn phaindéim COVID-19 in 2020 agus tar éis fhilleadh an chogaidh san Eoraip in 2022 chun gurbh fhéidir gníomhartha dlí a ghlacadh go frithghníomhach, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí acmhainneachtaí rescEU a fhorbairt chun riachtanais phráinneacha a chumhdach. Tá an cur chuige sin costasach agus níl sé chomh héifeachtach céanna toisc go n-éilítear leis ábhair agus saineolas a sholáthar faoi bhrú ama nó le linn tréimhse ina bhfuil éileamh ard domhanda, mar a tharla le linn phaindéim COVID-19.

Tá neartú réamhghníomhach rescEU mar chúltaca acmhainneachta freagartha ar leibhéal an Aontais i gcomhréir go díreach le príomhghníomhaíocht 26 de Straitéis an Aontais maidir leis an Ullmhacht, ina n-iarrtar borradh a chur faoi acmhainneachtaí rescEU atá ann cheana in éineacht le príomhacmhainneachtaí breise a shainaithint le haghaidh forbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais. Chun borradh éifeachtach a chur faoi acmhainneachtaí rescEU, ba cheart forbairt a dhéanamh ar bhealach comhlántach le forbairt tionscnamh eile amhail DECS, agus buntáistí faoi seach á ngiaráil chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as acmhainní.

Mar gheall ar na dúshláin atá romhainn ó thaobh an athraithe aeráide agus forbairtí geopholaitiúla de, ní mór do SACS foghlaim ón taithí a fuarthas agus rescEU á bhunú. Chun a acmhainneacht mar acmhainneacht freagartha straitéisí a bhaint amach, **ní mór rescEU a fhorbairt sula dtarlóidh éigeandálaí.** Mar a cuireadh i dtábhacht sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo, tríd an aschur a soláthraíodh leis an tionscnamh cruthaithe cásanna i gcomhairle leis na Ballstáit, thug SACS forbhreathnú eolasach ar na hacmhainneachtaí is gá chun freagairt do na 16 ghuais is práinní a ndearnadh anailís orthu.

iii. Athshlánú tar éis imscaradh

Tá sciar mhór de stoc-chairn rescEU imscartha cheana féin i gcomhthéacs COVID-19, chrith talún 2023 sa Tuirc agus chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Cé go leagtar béim leis an éileamh ard ar a thábhachtaí atá acmhainneachtaí rescEU ar leibhéal an Aontais, laghdaítear iontaofacht na hiarrachta stoc-charntha faoi rescEU amach anseo mar gheall ar easpa cistithe agus sásraí cuíchóirithe chun stoc-chairn ídithe a athshlánú.

Leis an ráta ard maidir le stoc-chairn a imscaradh mar a léirítear sa doiciméad inmheánach oibre (leathanach 39-41), níl cistiú leordhóthanach ag roinnt de na príomh-stoc-chairn a cruthaíodh mar fhreagairt ar riachtanais a eascraíonn as COVID-19 nó as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine chun iad a thabhairt ar ais go dtí a luach oibríochtúil iomlán. Léiríonn an líon iomlán gineadóirí atá fós ar fáil faoi 'na hacmhainneachtaí soláthair fuinnimh éigeandála' seanbhunaithe in rescEU go bhfuil 2 564 ghineadóir fós i stoc as 5 630 gineadóir san iomlán a soláthraíodh ar dtús ó mhí Feabhra 2025. D'ainneoin an líon mór gineadóirí rescEU atá fós ar fáil, léirítear in anailís bhreise go bhfuil acmhainneacht bheag ag 98 % díobh siúd, atá in ann leictreachas a sholáthar do theaghlaigh aonair. Níl aon stoc gineadóirí meánmhéide ann faoi láthair atá in ann fuinneamh leordhóthanach a sholáthar do bhonneagar criticiúil amhail ospidéil. Go dtí go gcuirfear tuilleadh cistí ar fáil, agus go ndéanfar stoic ghineadóra a athshlánú, tá sé beagnach dodhéanta acmhainneacht fuinnimh rescEU a imscaradh chun tacú le bonneagar ábhartha.

Tá dúshláin den chineál céanna le sárú ag na stoic acmhainneachta dídine shealadacha faoi rescEU. Na hacmhainneachtaí atá ar fáil faoi láthair agus na hacmhainneachtaí sin atá fós faoi sholáthar, tá sé d'acmhainn acu cóiríocht a chur ar fáil do 9 000 duine, méid atá níos lú ná raon íochtair na hacmhainneachta dídine is gá a shonraítear sa tionscnamh forbartha cásanna.

D'ainneoin gur aithin siad a thábhachtaí atá sé stoc-chairn straitéiseacha d'earraí criticiúla a choimeád, stoc-chairn atá réidh chun tacú leis na Ballstáit/SRanna le linn éigeandálaí móra, tá tionchar ag teorainneacha buiséid ar infhaighteacht na stoc-charn sin. Mar gheall ar imscaradh a rinneadh roimhe seo, ní bheadh ach tairbhe theoranta ag baint le stádas na ngineadóirí cumhachta éigeandála agus na stoc-charn dídine do Bhallstát/SR a mbeadh cúnamh ag teastáil uaidh sa chéad éigeandáil mhór eile.

Má táthar ag súil go gcuirfidh stoc-chairn, agus acmhainneachtaí rescEU ar bhonn níos leithne, faoiseamh tapa ar fáil nuair a iarrtar sin, **ba cheart a n-ullmhacht oibríochtúil a athbhunú go tapa tar éis a n-imscartha.** Áirítear leis sin an gealltanas buiséadach chun trealamh a ndearnadh damáiste dó a athchóiriú go tráthrialta agus stoc-chairn ídithe a athshlánú. Neartódh sé sin ról straitéiseach rescEU mar cholún d'ullmhacht SACS agus sheachnófaí an riosca a bhaineann le ceannacháin fhrithghníomhacha ad hoc ar leibhéal an Aontais.

iv. Réamhshuíomh sealadach le haghaidh imscaradh éifeachtach

Féadfaidh na Ballstáit cúnamh a iarraidh i bhfoirm réamhshuíomh sealadach na n-acmhainneachtaí freagartha. Tá an fhéidearthacht sin níos tábhachtaí fós i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann leis an timpeallacht dhinimiciúil riosca agus bagartha a bhfuil sé d'oibleagáid ar an Eoraip aghaidh a thabhairt orthu. Le solúbthacht mhéadaithe maidir le réamhshuíomh na n-acmhainneachtaí freagartha, neartófaí iarrachtaí ullmhachta SACS.

Cé go bhféadfadh sé nach mbeadh sé indéanta i gcónaí imscaradh acmhainneachtaí a thuar go cruinn mar gheall ar chineál dothuartha na n-éigeandálaí a bhfuil siad bunaithe ina leith, tá acmhainneachtaí ann a bhféadfadh úsáid níos solúbtha **socruithe réamh-imscartha éifeachtacht na sócmhainní a mhéadú go mór ina leith**.

I measc nithe eile, is deis ar leith iad na falscaithe chun acmhainneachtaí agus cumais SACS a chomhcheangal ar mhaithe le leas na mBallstát/SR, sula dtarlaíonn tubaiste. Tá na hacmhainneachtaí freagartha ag SACS chun tacú leis na Ballstát/SRanna dóiteáin foraoise a chomhrac, agus tá an fheasacht staide chomhfhreagrach agus an acmhainneacht anailíseach chomhfhreagrach aige chun a thuar cé na réigiúin san Eoraip is dóchúla a mbeidh falscaithe acu go tráthrialta. Nuair is gá, d'fhéadfadh na Ballstáit/SRanna, trí SACS, úsáid níos réamhghníomhaí a bhaint as réamhshuíomh sealadach chun feabhas a chur ar éifeachtacht imscaradh acmhainneachta. Bheadh réamh-imscaradh na acmhainneachtaí i ndlúthchomhar leis na húdaráis cosanta sibhialta ábhartha agus bunaithe ar iarraidh ar chúnamh. D'fhéadfaí comhréireacht na gcostas oibríochtúil gaolmhar a chur san áireamh leis sin freisin.

v. Éifeachtacht imscaradh rescEU a mhéadú

ceapadh rescEU chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit/SRanna atá buailte nuair nach bhfuil acmhainneachtaí náisiúnta in ann cúnamh leordhóthanach nó éifeachtach a thairiscint. Is é an príomhphrionsabal a chuirtear i bhfeidhm gurb é an príomhshásra gníomhaíochta faoi SACS an léiriú náisiúnta dlúthpháirtíochta. Cuireann rescEU cúnamh ar fáil i gcás nach féidir leis na hacmhainneachtaí

foriomlána atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus iad siúd atá réamhgheallta ag na Ballstáit do DECS freagairt éifeachtach a áirithiú.

Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin i dtaca le hinfhaighteacht acmhainneachtaí náisiúnta na mBallstát/SR chun freagairt d'iarraidh ar chúnamh, gur gá an infhaighteacht sin a chinneadh sula mbreithnítear acmhainneachtaí rescEU atá ar fáil. D'fhéadfadh moilleanna gan ghá a bheith mar thoradh air sin maidir le cúnamh a chur ar fáil do na pobail a ndéantar difear dóibh. Tar éis stoirm Éowyn i mí Eanáir 2025, measadh go raibh tionchar ag éaradh na cumhachta ar 710 000 teaghlach, agus bhí os cionn 133 000 áitreabh sa tír fós buailte ag an lándorchú 5 lá tar éis na stoirme. Cé go raibh an Danmhairg agus Lucsamburg in ann freagairt d'iarraidh ar chúnamh le cúig ghineadóir, na gineadóirí a bhí ar fáil ó stoc-chairn rescEU chun freastal ar na riachtanais, níor slógadh iad ar deireadh go dtí gur dhearbhaigh na Ballstáit/SRanna go raibh easnamh acmhainneachtaí náisiúnta inchaite ann chun freastal ar an iarraidh ó Éirinn.

Chun SACS níos éifeachtúla a bhaint amach, ba cheart, dá bhrí sin, LCPF a bheith in ann **an acmhainneacht freagartha is tapúla agus is éifeachtaí atá ar fáil a roghnú**. Le simpliú na bpróiseas, sábháiltear am, go háirithe le haghaidh cineálacha acmhainneachta a fhreagraíonn do thubaistí a athraíonn go tapa, amhail cásanna CBRN nó falscaithe.

vi. Simpliú na rátaí cómhaoiniúcháin le haghaidh rescEU

Leis na rátaí cómhaoiniúcháin atá ann faoi láthair le haghaidh imscaradh rescEU, déantar idirdhealú idir costais iompair agus costais oibriúcháin, agus 100 % de na costais iompair in-aisghabhála trí chistiú ón Aontas agus 75 % de chostais oibriúcháin na n-acmhainneachtaí aermhúchta incháilithe do rescEU. Is é an Ballstát/SR óstach nó iarrthach a chumhdóidh an 25 % eile de na costais oibriúcháin a bhaineann le himscaradh acmhainneachtaí aermhúchta dóiteán foraoise laistigh den Aontas. In dhá chás, tá suas le 100 % de na costais oibriúcháin incháilithe do chistiú ón Aontas. Áirítear orthu sin na costais a bhaineann le hacmhainneachtaí a bunaíodh chun freagairt do 'rioscaí lena ngabhann dóchúlacht íseal ach tionchar mór' (Lo-Hi) agus cásanna ina n-imscartar rescEU lasmuigh den Aontas.

Sa chleachtas, fágann difreáil na rátaí cómhaoinithe de réir an chineáil éigeandála go bhfuil na nósanna imeachta riaracháin atá taobh thiar d'éigeandáil casta gan ghá i gcomparáid leis na costais atá i gceist. Léirítear in athbhreithniú ar dheontais rescEU go bhfuil idir EUR 1-1,5 milliún i gceist le hacmhainneacht rescEU aerchomhraic dóiteáin foraoise (AFF) a fhruiliú do shéasúr dóiteáin 2024, agus meastar gur EUR 100 milliún a bheidh sna deontais chun acmhainneacht chomhfhreagrach chuí rescEU a bhunú. Meastar gur EUR 400 000 in aghaidh na seachtaine oibríochta na costais a bhain le hacmhainneacht AFFF a imscaradh agus a oibriú le linn shéasúr dóiteáin 2024. Ach na rátaí cómhaoiniúcháin ar leith a chur i bhfeidhm maidir le hiompar agus oibríocht, bíonn EUR 64 000 (16 %) ar an meán i gcostais imscartha le híoc ag an tír óstach nó ag an tír iarrthach as féin. Is é soláthar tosaigh na hacmhainneachta, seachas oibriú na hacmhainneachta atá i gceist le formhór an chostais a bhaineann le hacmhainneacht a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais.

Sa chleachtas, ní bhíonn tionchar ag na rátaí cistiúcháin éagsúla le haghaidh costais oibríochtúla ar an gcinneadh SACS agus rescEU a ghníomhachtú. I gcomhthéacs éigeandáil leanúnach a d'fhéadfadh acmhainneachtaí náisiúnta a shárú, dírítear ar thionchar na guaise a theorannú go tapa trí na hacmhainní atá ar fáil a ghníomhachtú, gan beann ar rátaí cistiúcháin. I gcomparáid leis an gcostas tosaigh a bhaineann le hacmhainneacht a bhunú agus leis an gcostas iomlán a bhaineann leis an

acmhainneacht a imscaradh i gcás éigeandála, tá an chuid neamh-chomhchistithe de na costais oibriúcháin imeallach agus níl aon chuspóir praiticiúil léi.

Ach na rátaí cistiúcháin incháilithe le haghaidh iompar agus oibriú acmhainneachtaí rescEU a chomhdhlúthú go 100 %, agus deireadh a chur le rialacha éagsúla maidir le hacmhainneachtaí Lo-Hi, shimpleofaí an t-ualach riaracháin ar na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an éigeandáil, agus dhéanfaí an tacaíocht a thugann SACS do na Ballstáit/SRanna a chuíchóiriú.

vii. An soláthar a shimpliú

Le hAirteagal 12(3b) de Chinneadh Uimh. 1313[2], cuirtear ar a chumas don Choimisiún acmhainneacht a fháil, a fháil ar cíos, a léasú nó a fháil ar conradh go díreach, más gá, ach ceanglaítear nach mór gníomh cur chun feidhme comhfhreagrach a ghlacadh chun an acmhainneacht agus an chainníocht atá le soláthar a leagan síos. D'ainneoin a bheith in ann gníomh cur chun feidhme a rith faoi nós imeachta práinne, d'fhéadfadh an chéim riaracháin sin moill mhór roinnt seachtainí a chur ar sholáthar, rud a mbeadh iarmhairtí oibríochtúla aige.

Le linn éigeandálaí mórscála, amhail cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, nó paindéim COVID-19, tugann SACS deis do na Ballstáit/SRanna a riachtanais soláthair le haghaidh acmhainneachtaí criticiúla a chomhcheangal ina mbearta níos mó is féidir a cheannach níos tapúla ná mar a bheadh Ballstát/SR aonair in ann a dhéanamh as féin. Is é is aidhm dó sin na Ballstáit/SRanna a chosaint ar ghanntanais dhomhanda agus luaineachtaí praghsanna dinimiciúla trí chumhacht cheannaigh a chomhcheangal agus trí iomaíocht idir na Ballstáit/SRanna a sheachaint. Léiríonn ganntanais gineadóirí mórscála agus trealaimh cosanta pearsanta (TCP) le linn chéimeanna tosaigh chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus phaindéim COVID-19 cineál dinimiciúil an mhargaidh dhomhanda le linn éigeandálaí mórscála. Dá gcuirfí deireadh leis an gceanglas maidir le gníomh cur chun feidhme le linn soláthar díreach, chuirfí ar chumas an Choimisiúin gníomhú go tapa chun an acmhainneacht is gá a dhaingniú sula sáróidh an t-éileamh domhanda an soláthar nó sula dtiocfadh méadú as cuimse ar phraghsanna. **Dá ndéanfaí an nós imeachta soláthair dhírigh a shimpliú, d'fhéadfaí leas iomlán a bhaint as an uirlis SACS sin**.

D'fhéadfadh an Coimisiún úsáid a bhaint freisin as na féidearthachtaí níos leithne maidir le soláthar comhpháirteach dá bhforáiltear faoi mhír 3 d'Airteagal 168[3] de Rialachán Airgeadais athbhreithnithe an Aontais a glacadh i mí Mheán Fómhair 2024. Faoin Rialachán nua, d'fhéadfadh an Coimisiún tacú leis an iliomad Ballstát trí ghníomhú mar chomhlacht lárnach ceannaigh do na Ballstáit ar mian leo trealamh comhchosúil a sholáthar, agus ar an gcaoi sin an bharainneacht scála a ghiaráil chun praghsáil níos fearr a fháil do na Ballstáit, agus tacú le soláthar trealaimh chomhoiriúnach ag an am céanna.

c. Breithnithe níos leithne maidir le forbairt acmhainneachta freagartha

Cé go mbaineann na moltaí thuasluaite go sonrach le hacmhainneachtaí DECS nó rescEU, baineann na moltaí sin le hionstraimí acmhainneachta freagartha agus is é is aidhm dóibh forbairt acmhainneachtaí freagartha SACS a chothú ó dhearcadh sistéamach. Áirítear leis sin béim ar athruithe a bhaineann le

[2] Cinneadh - 2013/1313 - EN - EUR-Lex
[3] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)

rescEU agus DECS araon, chomh maith le nasc níos dlúithe le páirtithe leasmhara atá ar imeall ghníomhaíochtaí SACS faoi láthair nó níos faide i gcéin.

i. Cur chuige feidhmíochtbhunaithe maidir le forbairt acmhainneachta

De réir mar a leathnaíodh na hionstraimí acmhainneachta atá ar fáil lena n-imscaradh faoi SACS, thosaigh SACS ag tomhas a dhul chun cinn maidir le riachtanais acmhainneachta a chomhlíonadh trí spriocanna feidhmíochtbhunaithe. Cé gur ionstraim ábhartha fós iad spriocanna acmhainneachtbhunaithe DECS chun cumraíocht DECS a mhúnlú, le spriocanna Uimh. 4 an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí ('Freagairt – Cumas freagartha an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta a fheabhsú') tugadh isteach spriocanna feidhmíochta lena gcuimsítear na féidearthachtaí uile maidir le himscaradh faoin sásra. Tugann sé sin forléargas níos iomlánaíche ar leibhéal foriomlán ullmhachta SACS i bpríomhréimsí. Ba cheart leanúint de chur chuige lena dtomhaistear an dul chun cinn a dhéantar i dtaca le fothú acmhainneachta trí bhíthin táscairí feidhmíochta agus ba cheart é a leathnú. Leis na hiarrachtaí a dhéanfar amach anseo chun bearnaí acmhainneachta a chumhdach, ba cheart díriú ar éifeacht chomhcheangailte ionstraimí uile SACS, lena n-áirítear DECS, rescEU, an margadh príobháideach agus, i gcás inar gá, soláthar díreach i réimse ullmhachta ar leith. Trí fhaireachán agus anailís leanúnach a dhéanamh **ar chumais SACS ina n-iomláine** agus iad a chur i gcomparáid leis an gcomhthéacs ina bhfuil SACS, áiritheofar go ndéanfaidh sé an acmhainneacht freagartha is iomchuí a ghiaráil chun tacú go héifeachtach leis na Ballstáit/SRanna le linn éigeandálaí.

ii. Acmhainneachtaí SACS chun acmhainneachtaí náisiúnta a chomhlánú ar fud na hEorpa

Tá na hacmhainneachtaí agus na bearnaí a phléitear sa tuarascáil seo teoranta d'acmhainneachtaí faoi DECS agus rescEU amháin. Níl aon fhorléargas ag an Aontas ar acmhainneachtaí náisiúnta eile atá ann cheana ar fud na mBallstát agus na Stát rannpháirteach. Is gné dhílis de réimse nach bhfuil ach inniúlacht tacaíochta ag an Aontas ina leith an easpa forléargas uile-Aontais ar acmhainneachtaí náisiúnta. Léiríodh le héigeandálaí mórscála amhail paindéim COVID-19, i gcásanna sonracha, **gur féidir ról nach beag a bheith ag forbhreathnú ar acmhainneachtaí náisiúnta sonracha maidir le héifeachtúlacht fhoriomlán SACS a mhéadú** (amhail leapacha dianchúraim nó infhaighteacht bardaí dó). Agus urraim á tabhairt do phríomhról na n-údarás náisiúnta i mbainistiú tubaistí, maidir le cumas SACS tacú go tapa leis na Ballstáit/SRanna nuair is gá, is cumas é a d'fhéadfadh tairbhiú de chomhroinnt faisnéise mhéadaithe i dtaca le hinfhaighteacht príomhacmhainneachtaí náisiúnta, lena n-áirítear stoc-chairn. Tá tábhacht ar leith ag baint le feasacht uile-Aontais ar phríomh-stoc-chairn chun straitéis uile-Aontais um stoc-charnadh a chur chun feidhme, mar a fhoráiltear le príomhghníomhaíocht Uimh. 9 faoi Roinn 2 - Athléimneacht Feidhmeanna Sochaíocha Ríthábhachtacha - den Straitéis um Aontas na hUllmhachta. Cé go bhféadfadh an chomhroinnt faisnéise a bheith teoranta d'imthosca sonracha, chuirfeadh modheolaíochtaí agus próisis don chomhroinnt sonraí sin arna n-ullmhú roimh ré ar chumas SACS comhroinnt sonraí a mhéadú go tapa nuair is gá agus freagairt dá réir sin.

iii. Grúpaí leochaileacha

Cuireann spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí, le tacaíocht ó cheann de na príomh-mholtaí cothrománacha ón tionscnamh cruthaithe cásanna faoi SACS, béim ar an ngá atá le cur chuige cuimsitheach i leith na cosanta sibhialta, lena n-áirithítear nach bhfágfar aon duine ar lár i gcás éigeandála. Acmhainneachtaí lena gcuirtear seirbhísí ar fáil do phobail a ndéantar difear dóibh, ní mór dóibh breithniú córasach a dhéanamh ar an gcaoi a bhfreastalófar ar riachtanais pobal leochaileach, amhail aoisghrúpaí sonracha nó daoine faoi mhíchumas. Na hacmhainneachtaí a imscartar i

gcomhthéacs gníomhachtaithe SACS, is éard atá iontu, de réir sainmhínithe, gníomhú i gcás éigeandáil mhórscála a dhéanann difear do líon mór daoine, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu. Ba cheart leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin agus acmhainneachtaí freagartha á bhforbairt, lena n-áirítear ina nósanna imeachta oibríochta caighdeánach agus in oiliúint agus i gcleachtaí, ar bhealach iomchuí. Tá oibleagáid ar SACS agus tá sé tiomanta do **riachtanais grúpaí leochaileacha a chur san áireamh le linn oibríochtaí éigeandála,** lena n-áirithítear go gcuirfear acmhainneachtaí in oiriúint chun freastal ar riachtanais éagsúla na bpobal dá ndéantar difear, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

iv. Feasacht staide trasearnála LCPF

Tá réimse leathan uirlisí feasachta staide ar fáil do SACS chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí domhanda agus chun iad a réamh-mheas agus chun táirgí faisnéise a ghiniúint dá pháirtithe leasmhara le linn éigeandálaí. Ceann de na forbairtí is déanaí is ea an córas staide domhanda a chruthú, lena dtiomsaítear foinsí éagsúla faisnéise in aon deais idirghníomhach bunaithe ar GIS. In éineacht le Seirbhís Bainistithe Práinne Copernicus (CEMS) agus a hardáin faireacháin a bhaineann go sonrach le guaiseacha ar féidir leo faireachán a dhéanamh, mar shampla, ar thuilte, falscaithe agus triomaigh, baineann LCPF leas as méid mór faisnéise cheana féin. Cuireann na cumais sin acmhainní cabhracha ar fáil do pháirtithe leasmhara SACS agus cuireann siad lena éifeachtúlacht oibríochtúil.

Cé go ndéantar faireachán earnáilsonrach ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh seirbhísí criticiúla amhail fuinneamh agus iompar, níl **aon fheasacht staide choiteann ann faoi láthair lena gcomhcheanglaítear forbhreathnuithe earnála iomadúla le guaiseacha i bhfíor-am chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha ar an leibhéal Eorpach**. Ní shroicheann nuacht faoi mhórshuaitheadh a bhaineann leis an mbonneagar LCPF ach trí údaráis cosanta sibhialta na tíre dá ndéantar difear nó trí thuarascálacha ó na meáin phoiblí. Ba cheart do LCPF leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus iad a mhéadú a thuilleadh chun iarmhairtí trasearnála géarchéimeanna a bhainistiú, bunaithe ar phleanáil threisithe agus ar anailís agus feasacht staide níos cuimsithí. Thacódh sé sin go díreach le príomhghníomhaíocht 3 de chuid Straitéis an Aontais maidir leis an Ullmhacht — LCPF a neartú — agus le príomhghníomhaíocht 25 — Mol comhordúcháin géarchéime de chuid an Aontais a bhunú. Is é an chéad chéim i dtreo cur chuige níos comhtháite ná sonraí neamhaicmithe, cothrom le dáta ó na húdaráis náisiúnta um chosaint shibhialta a leabú sa chóras staide domhanda. Rachadh an comhtháthú sin chun tairbhe go frithpháirteach do LCPF agus d'údaráis náisiúnta um chosaint shibhialta araon, agus chuirfeadh sé léiriú staide coiteann ar fáil do SACS ar an leibhéal Eorpach. Mar thoradh air sin, dhéanfaí LCPF neartaithe a nascadh go córasach sna córais faireacháin earnála atá ann cheana, chun a fheasacht staide a mhéadú, agus d'fhéadfadh sé faisnéis a sholáthar do na Ballstáit/SRanna maidir le haon suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann i seirbhísí criticiúla.

v. Cásanna coinbhleachta/cogaidh a bhreithniú

Ba é príomhchuspóir SACS éifeachtaí guaiseacha nádúrtha nó guaiseacha tionóisceacha ar dhaonraí agus ar an gcomhshaol a mhaolú. Mar sin féin, tá athrú ó bhonn tagtha ar thimpeallacht na rioscaí agus na bagartha mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Cé go meastar go leanfar de mhinicíocht ghníomhachtuithe traidisiúnta SACS mar gheall ar thionchair mhéadaitheacha an athraithe aeráide, mar a phléitear sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo, is gá do SACS a ról a fhorbairt a thuilleadh maidir leis na saoránaigh san Eoraip a chosaint le linn cásanna coinbhleachta agus cosanta.

Is gá an comhordú sibhialta agus míleata a neartú**, sa bhreis ar ghníomhaíochtaí ar leithligh a chomhordú i gcás éigeandála agus i dtreo cur chuige iomlánaíoch lena mbunófar socruithe ullmhachta cuimsitheacha sibhialta-míleata mar a fhoráiltear faoi phríomhghníomhaíocht 22 faoin roinn maidir le comhar sibhialta-míleata den Straitéis um Aontas na hUllmhachta**. Cuirtear i dtábhacht sa tionscnamh cásanna a thábhachtaí atá sé an caidreamh sin a fhorbairt agus dul i ngleic leis na dúshláin chomhordúcháin atá fós ann chun a áirithiú go n-oibreoidh snáitheanna ar leith den rialtas chun an daonra a choinneáil slán, go háirithe i gcásanna coinbhleachta.

D'fhéadfadh breithniú ar chásanna coinbhleachta agus cogaidh chun comhordú sibhialta-míleata níos dlúithe a chothú i mbainistiú géarchéime a bheith ina thúsphointe d'fhorbairt níos leithne caighdeán dé-úsáide i dteicneolaíochtaí, agus toradh ar infheistíocht á sholáthar don dá earnáil i gcás inarb indéanta.

Ba cheart do SACS ceachtanna a fhoghlaim go córasach ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear trína phróiseas 'ceachtanna a foghlaimíodh' SACS. D'fhéadfadh sé tacú le gníomhaíochtaí ullmhúcháin laistigh de chórais náisiúnta bainistithe tubaistí le haghaidh cásanna comhchosúla a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Áirítear leis sin ceachtanna a shainaithin údaráis bainistithe tubaistí agus údaráis cosanta sibhialta na hÚcráine maidir leis an mbealach is fearr chun córas náisiúnta agus SACS a ullmhú le haghaidh cás coinbhleachta.

Ní mór na hacmhainneachtaí freagartha atá ann cheana agus **a roghanna imscartha a athscrúdú agus a athbhreithniú** chun a chinneadh cén rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith acu **chun tacú le pobail shibhialtacha le linn coinbhleachtaí nó cogaidh**. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar acmhainneachtaí atá ag brath ar fhoireann mhíleata nó ar threalamh míleata dul i ngleic le srianta imscartha nó gan príomheilimintí acmhainneachta a bheith ar fáil. Leanfaidh go leor acmhainneachtaí atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine atá buailte (e.g. cuardach agus tarrtháil, dídean, cumhacht éigeandála, lóistíocht agus múchadh falscaithe) de ról tábhachtach a bheith acu ina gcumais, agus d'fhéadfadh siad tairbhe a bhaint as oiliúint bhreise maidir le feasacht coinbhleachta nó as trealamh cosanta pearsanta nó trealamh forlíontach eile atá ábhartha don chás áirithe coinbhleachta. **Tá cleachtaí freagartha agus ullmhachta an Aontais** i gcás géarchéime, chomh maith le malartuithe cásbhunaithe, fíor-riachtanach chun acmhainneacht SACS a neartú i gcás coinbhleachta nó cogaidh.

vi. Comhpháirtíochtaí san earnáil phríobháideach

Mar cheann de phríomhghrúpaí geallsealbhóirí na sochaí, ba cheart breathnú ar an earnáil phríobháideach mar chomhpháirtí láidir féideartha do SACS agus d'ullmhacht an Aontais ar bhealach níos leithne. I Straitéis an Aontais maidir leis an Ullmhacht a glacadh, cuirtear i dtábhacht an gá atá le geallsealbhóirí príobháideacha a áireamh san ullmhacht ar fud na n-earnálacha ábhartha uile. Maidir le SACS agus gníomhaíochtaí cosanta sibhialta go háirithe, d'aithin sprioc an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí Uimh. 5 'Sábháilte – Chun córas láidir cosanta sibhialta a áirithiú' ábharthacht na hearnála sin cheana féin, lena n-iarrtar **comhpháirtíochtaí a chothú le geallsealbhóirí san earnáil phríobháideach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.**Trasnaíonn eintitis san earnáil phríobháideach le gníomhaíochtaí bainistithe éigeandála rialtais le linn gach céime den timthriall bainistithe tubaistí.

Is éard atá i gceist le speictream éagsúil na bpáirtithe leasmhara atá grúpáilte ina 'earnáil phríobháideach' líon nach mór gan teorainn caidreamh a théann chun tairbhe don dá thaobh ar an leibhéal oibríochtúil agus ar an leibhéal straitéiseach. Ní féidir iniúchadh agus saothrú na gcaidreamh sin

mar ghné bhuan den ullmhacht ar fud an Aontais a fhágáil faoi réitigh ad hoc a fhorbraítear le linn éigeandála. I measc roinnt tionscnamh a d'fhéadfaí a fhiosrú chun an comhéadan idir bainistiú tubaistí poiblí agus an earnáil phríobháideach a leathnú, áirítear an méid seo a leanas:

- **Na féidearthachtaí a thugann moil deonaithe phríobháideacha arna n-óstáil agus arna mbainistiú ag na Ballstáit a chur ar bhonn foirmiúil agus a leathnú, ar moil iad a dhéanfaidh an tseiceáil cháilíochta ar ítimí deonaithe,** mar acmhainneacht SACS chun cúnamh arna dheonú go príobháideach a dhíriú ar údaráis tíre dá ndéantar difear, a forbraíodh chun comhaontuithe tabhartais le haghaidh earraí agus cainníochtaí réamhshainithe a áireamh, rud a laghdóidh an t-am freagartha agus a bheidh ag teacht roimh obair riaracháin roimh dheonú iarbhír le linn éigeandála.
- **Socruithe éigeandála a fhorbairt le comhpháirtithe tionsclaíocha ábhartha** le haghaidh éigeandálaí mórscála amhail paindéimí nó cásanna coinbhleachta, ach freisin i gcásanna riachtanas neamhthipiciúil, amhail iarrataí ar thochaltóirí, coimeádáin nó trucailí dumpála a úsáid, chun tacú le príomhghníomhaíocht 19 de chuid Aontas na hUllmhachta i Roinn 4 - Prótacail éigeandála phoiblí-phríobháideacha a fhorbairt
- **Méadú ar chomhroinnt faisnéise dhá threo maidir le guaiseacha agus rioscaí idir institiúidí, an saol acadúil agus gnólachtaí príobháideacha, lena n-áirítear an earnáil árachais**, chun tacú le hanailís i mbainistiú tubaistí agus feasacht riosca a mhéadú i measc an phobail shibhialta agus na hearnála príobháidí, i gcomhréir le príomhghníomhaíocht 21 maidir le hAontas na hUllmhachta i Roinn 4 — Lárionad Eorpach saineolais maidir le slándáil taighde a bhunú.
- **Rochtain fheabhsaithe ar shaineolaithe teicniúla** ón earnáil phríobháideach chun tacú le tionscnaimh ullmhachta agus freagartha, lena n-áirítear clár oiliúna agus cleachtaí UCPM.

Ní chiallaíonn comhtháthú méadaithe na bpáirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach i ngníomhaíochtaí bainistithe tubaistí ról laghdaithe don rialtas. Is é is cuspóir do bheith ag obair níos dlúithe leis an earnáil phríobháideach gníomhaíochtaí comhthreomhara ullmhachta agus freagartha a sheachaint agus leas a bhaint as na hacmhainní uile atá ar fáil chun oibriú le chéile chun tubaistí a chosc agus a n-iarmhairtí a mhaolú nuair a tharlaíonn siad.

vii. Moil tabhartais

Maidir le moil deonaithe lenar féidir cúnamh comhchineáil príobháideach nó cúnamh comhchineáil ó thríú tír a threorú chuig daonra dá ndéantar difear trí phíblíne SACS, tá sé **cruthaithe go bhfuil siad éifeachtach maidir le breisluach SACS a mhéadú**, agus na costais bhreise á gcoimeád chomh híseal agus is féidir agus faoiseamh riaracháin á sholáthar d'údaráis na tíre is faighteoir ag an am céanna. Idir tús an chogaidh i gcoinne na hÚcráine agus mí Aibreáin 2025, bhí SACS in ann beagnach EUR 15 mhilliún in earraí ó chuideachtaí príobháideacha agus ó thríú tíortha a sheoladh chuig an Úcráin agus chuig an réigiún atá thíos leis an gcogadh. Baineadh é sin amach trí rannpháirtíocht na Beilge agus na Polainne mar thíortha óstacha moil agus trí dheontais chun na moil a oibriú, arbh fiú EUR 3,5 milliún san iomlán iad.

Chun leas níos fearr a bhaint as píblínte oibríochtaí agus nósanna imeachta lóistíochta agus riaracháin SACS agus as acmhainneacht na ndeonachán seachtrach amach anseo, ba cheart deireadh a chur le bacainní ar chur chuige reatha an mhoil, rud a mhéadódh an tsolúbthacht oibríochtúil. Trí mhoil a bhunú faoi chreat rescEU, ní mór moil bhunaithe a cheangal go téamach faoi láthair le hacmhainneachtaí rescEU atá ann cheana. Mar fhreagairt ar an Úcráin, cuireann sé sin srian ar na hítimí a sheoltar trí na

moil chuig acmhainneachtaí a shainítear faoi rescEU, d'ainneoin riachtanais i bhfad níos leithne údaráis na hÚcráine a bheith ar eolas. Is tionscadail phíolótacha rathúla iad na moil sheanbhunaithe a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith. **Dá ndéanfaí tionscnamh na mol a fhorbairt ina acmhainneacht níos leithne lena mbunaítear moil chineálacha, bheadh SACS in ann freastal níos fearr ar riachtanais tíre dá ndéantar difear**, agus ag an am céanna d'osclófaí an bealach do bhealaí nua chun comhoibriú leis an earnáil phríobháideach agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo le linn éigeandálaí amach anseo.

Maidir leis na Ballstáit/SRanna a bhfuil na moil á n-óstáil agus á mbainistiú acu, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh siad seiceálacha cáilíochta ar thabhartais agus go mbainisteoidh siad seachadadh na dtabhartas céanna, agus go ndéanfaidh siad seiceálacha cáilíochta ar ítimí a dheonaítear, agus ar an gcaoi sin áirithítear formhaoirseacht rialtais ar thabhartais, rud atá ina bhunchloch de SACS.

viii. Stoc-charnadh

Áirithítear le stoc-charnadh rochtain láithreach ar earraí criticiúla i gcás éigeandála. D'fhéadfadh an cur chuige sin a bheith tairbheach go háirithe d'earraí atá faoi réir éileamh méadaitheach domhanda, mar atá i gcás TCP agus teiripic le linn paindéim dhomhanda. D'fhéadfadh an rud céanna a bheith fíor i gcás earraí níos mó a bhfuil agaí tionscanta fada acu agus rogha theoranta soláthróirí, amhail gineadóirí móra. Ó bunaíodh é, chuaigh stoc-chairn rescEU chun tairbhe do na Ballstáit/SRanna i gcomhthéacsanna éagsúla, agus earraí fíor-riachtanacha á soláthar acu i gcainníochtaí a sháraíonn an méid a bhíonn ar fáil de ghnáth ar an leibhéal náisiúnta.

Cuirtear arís le héagsúlacht stoc-chairn rescEU atá ann faoi láthair i dtábhacht a luach i bhfianaise todhchaí éiginnte, agus léiríonn gníomhachtuithe roimhe seo gur féidir fiú le rogha theoranta catagóirí stoc-charn rannchuidiú le hoibríochtaí freagartha le linn tubaistí nádúrtha, eipidéimí agus cásanna coinbhleachta.

Tá stoc-chairn rescEU atá ann faoi láthair teoranta d'earraí fíor-riachtanacha le haghaidh freagairtí leighis agus CBRN, cumais giniúna leictreachais éigeandála agus cumais dídine, agus **ba cheart breithniú a dhéanamh ar a leathnú chun nithe eile a chur san áireamh a d'fhéadfadh cabhrú le gníomhaithe/údaráis bainistithe tubaistí faoiseamh láithreach a thabhairt le linn éigeandálaí**. Go hidéalach, ba cheart go ndíreofaí le stoc-charnadh ar earraí nach bhfuil meatach agus ar féidir iad a thabhairt ar iasacht agus a úsáid i gcásanna éigeandála éagsúla.

Is léiriú iad iarrachtaí stoc-charntha SACS ar rannchuidiú na hearnála bainistithe géarchéime le straitéis stoc-charntha níos leithne an Aontais atá á forbairt faoi láthair lena glacadh i mí an Mheithimh 2025.

4. Conclúid

Is ionann SACS agus acmhainneacht freagartha earnáil bainistithe tubaistí na hEorpa ar leibhéal an Aontais. Ó bunaíodh é, tá méadú tagtha ar a acmhainneachtaí freagartha agus cuireadh in oiriúint iad do riachtanais na mBallstát/SR a bhfuil sé ceaptha tacú leo. Éilíonn an éabhlóid leanúnach sin tiomantas ón gCoimisiún agus ó na húdaráis náisiúnta um chosaint shibhialta do SACS atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht idir na tíortha rannpháirteacha.

Leis na himpleachtaí a bhaineann le timpeallacht dhinimiciúil an riosca agus na bagartha, a leagtar amach i bhforbhreathnuithe riosca éagsúla agus i dtionscnamh forbartha cásanna SACS, deimhnítear treocht atá ag tarlú cheana féin le linn ghníomhachtuithe SACS. Chomh maith leis na gníomhachtuithe

guaise aonair le hagaí freagartha gearra a bhíonn ag údaráis cosanta sibhialta go traidisiúnta, iarrtar ar SACS tacaíocht a chur ar fáil i gcásanna éigeandála níos casta. Is éard a eascraíonn as buíonta guaiseacha agus leochaileachtaí éigeandálaí fadtréimhseacha atá i bhfad níos casta agus a mbíonn éifeachtaí forleathana acu go minic.

Trí thuiscint ar na dúshláin atá amach romhainn do SACS agus anailís ar na hacmhainneachtaí freagartha atá ann cheana agus atá ar fáil don Sásra a chomhcheangal, soláthraítear leis an doiciméad seo sraith moltaí arb é is aidhm dóibh acmhainneacht freagartha SACS a fhorbairt a thuilleadh.

Tá na 15 mholadh sa tuarascáil seo grúpáilte i moltaí a bhaineann go sonrach le DECS agus rescEU, mar an dá cholún d'acmhainneacht freagartha SACS, le tríú catagóir lena gcuimsítear moltaí nach bhfuil nasctha go díreach le cineál acmhainneachta agus, ina ionad sin, a thacaíonn le forbairt acmhainneachta freagartha ar bhealach níos leithne.

Moltaí don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta (DECS):

i. Oibriú chun bearnaí acmhainneachta DECS a sainaithníodh sa tuarascáil seo a dhúnadh (e.g. i réimsí a bhaineann le múchadh falscaithe, acmhainneacht leighis éigeandála, teagmhais truaillithe mhuirí, chósta agus uisce intíre, droichid, giniúint leictreachais, agus iompar agus lóistíocht).
ii. Comhordú leis na Ballstáit/SRanna agus comhordú eatarthu a neartú chun spriocanna acmhainneachta a shaothrú.
iii. Maoiniú le haghaidh deontais oiriúnúcháin a threisiú.
iv. Dreasachtaí le haghaidh chlárúcháin DECS trí mhaoiniú a mhéadú le linn imscaradh.

Moltaí le haghaidh rescEU:

i. Forbairt acmhainne amach anseo a dhíriú go príomha ar acmhainneachtaí ilchuspóireacha agus ilúsáide (e.g. maidir le dídean, leictreachas, teileachumarsáid, cúram leighis, agus iompar agus lóistíocht) agus, i gcás inar gá, acmhainneachtaí tacaíochta speisialaithe comhlántacha (e.g. i réimsí a bhaineann le CBRN nó saineolas speisialaithe leighis le haghaidh guaiseacha sonracha).
ii. Treisiú buiséid intuartha a chumasú le haghaidh athshlánú iar-imscartha, agus cur chuige níos réamhghníomhaí á shaothrú maidir le forbairt acmhainneachta.
iii. Éifeachtacht imscaradh rescEU a mhéadú trí chinntí níos tapúla maidir le himscaradh agus trí roghanna réamhshuite.
iv. Rátaí cómhaoiniúcháin le haghaidh imscaradh acmhainneachtaí rescEU a shimpliú agus an próiseas soláthair a chuíchóiriú.

Breithnithe níos leithne maidir le fothú acmhainneachta freagartha:

i. Úsáid spriocanna feidhmíochtbhunaithe a shaothrú chun acmhainneacht SACS a fhothú amach anseo.
ii. Machnamh a dhéanamh ar mhalartú faisnéise níos fearr maidir le hacmhainneachtaí náisiúnta sonracha a bheith ar fáil chun éifeachtúlacht fhoriomlán SACS a mhéadú.
iii. Feabhas a chur ar an tuiscint ar riachtanais grúpaí leochaileacha le linn oibríochtaí éigeandála.
iv. Feasacht staide trasearnála ar LCPF a fheabhsú a thuilleadh.
v. Cásanna coinbhleachta/cogaidh a mheas i bhfothú breise acmhainneachta.

vi. Comhpháirtíochtaí san earnáil phríobháideach a leathnú i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear moil deonaithe a fhorbairt chun cumas SACS níos leithne a dhéanamh díobh.
vii. Machnamh a dhéanamh ar raon níos leithne míreanna práinnfhreagartha a stoc-charnadh.

Anuas ar na moltaí sin, ós rud é go n-athraíonn an ullmhacht ó bheith faoi fhreagracht gníomhaithe/údarás bainistithe tubaistí amháin go dtí go mbeidh sí **ina hábhar sochaíoch trasearnálach**, is féidir le SACS an éabhlóid sin a spreagadh i dtreo cur chuige uile-shochaí trína shaineolas maidir le hullmhacht a chur ar fáil d'earnálacha a thosaigh ag plé leis an ábhar le déanaí. Chun dul i ngleic le castacht mhéadaitheach na ndúshlán atá romhainn, beidh ar fhreagairt SACS dul níos faide ná acmhainneachtaí práinnfhreagartha traidisiúnta, i gcomhréir le cuspóirí Straitéis an Aontais maidir leis an Ullmhacht.